

Straitéis Réimse Poiblí Luimnigh

Ceisteanna Coitianta

1. Cad í Straitéis Réimse Poiblí Luimnigh?

Is doiciméad teorach í an Straitéis Réimse Poiblí chun feabhas a chur ar shráideanna, ar chearnóga, ar pháirceanna, ar limistéir cois uisce agus ar spásanna poiblí Lár Chathair Luimnigh. Cuireann sí treoir ar fáil maidir le hinfheistíocht don todhchaí agus leagtar amach inti prionsabail deartha do thionscadail réimse poiblí.

2. An doiciméad pleanála reachtúil é seo?

Ní hea. Is doiciméad neamhreachtúil í an Straitéis. Mar sin féin, beidh sí mar threoir do thionscadail réimse poiblí sa todhchaí.

3. Cén limistéar a chlúdaíonn an Straitéis?

Díríonn an Straitéis ar Lár Chathair Luimnigh agus saináithnítear inti sé cheantar saintréithe: An Ceantar Cois Uisce, An Baile Gallda, An Baile Gaelach, An Croílimistéar, An Chomharsanacht Sheoirseach agus An Geata Thoir.

4. Cad iad na buntáistí a bhainfidh cónaitheoirí as an Straitéis?

Tugann sí treoir maidir le hinrochtaineacht fheabhsaithe, sráideanna níos glaise, spásanna poiblí ar chaighdeán níos airde agus timpeallachtaí níos sábháilte, chun ceantar níos ináitrithe a chruthú.

5. Conas a thacaíonn an Straitéis le gnólachtaí áitiúla?

Tacaíonn an Straitéis le gnólachtaí áitiúla trí lár cathrach níos tarraingtí, níos inrochtana agus níos bríomhaire a chruthú, agus méadóidh sé seo líon na gcuairteoirí, an t-am a chaitheann daoine ann, an turasóireacht agus na deiseanna le haghaidh trádála agus imeachtaí lasmuigh.

6. An gcosnófar an oidhreacht?

Cosnófar. Is bunphrionsabal den Straitéis é oidhreacht Luimnigh a chosaint agus a cheiliúradh. Beidh sé mar aidhm ag tionscadail oidhreacht mheánaoiseach, Sheoirseach agus thionsclaíoch na cathrach a fheabhsú agus, ag an am céanna, feabhas a chur ar an inrochtaineacht agus ar thaitneamh an phobail.

7. Cad iad gairdíní báistí agus Córais Inbhuanaithe Draenála Uirbí (SuDS)?

Is córas draenála atá bunaithe ar an dúlra é Córas Inbhuanaithe Draenála Uirbí (SuDS), a dearadh chun báisteach a ghabháil agus a ionsú go nádúrtha, agus ar an gcaoi sin tuilte a laghdú, cáilíocht an uisce a fheabhsú agus tacú leis an mbithéagsúlacht.

8. Conas a rachaidh an Straitéis i ngleic leis an athrú aeráide?

Trí bhonneagar glas, soghluaisteacht inbhuanaithe agus réitigh atá bunaithe ar an dúlra a mhéadú. Trí spleáchas ar ghluaisteáin a laghdú agus feabhas a chur ar an mbonneagar siúil, rothaíochta agus iompair phoiblí.

9. Conas a fheabhsófar an inrochtaineacht?

Tacaíonn an Straitéis le cur i bhfeidhm phrionsabail an Dearaidh Uilíoch do dhaoine de gach aois agus cumas.

10. An mbeidh tionchar ag oibreacha cosanta ar thuilte ar an réimse poiblí?

Comhordófar scéimeanna cosanta ar thuilte ar an tSionainn agus ar Abhainn na Mainistreach le feabhsuithe ar an réimse poiblí. Tá sé mar aidhm a chinntiú go gcuireann cosaintí ar thuilte le cuma na cathrach, le hinrochtaineacht agus le heispéireas an cheantair chois uisce.